# Mamó Fadó

Séideán Sí



Dráma

Anna Ní Chartúir

Steve Simpson a mhaisigh

# Mamó Fadó



Anna Ní Chartúir
Steve Simpson a mhaisigh

An Gúm
Baile Átha Cliath




Niamh: Ba mhaith liomsa deirfiúr
a bheith agam.
Nó deartháir, b'fhéidir.
Mamó: Ar mhaith anois, a chroí?




Niamh: Ba mhaith. An raibh
deirfiúracha agus
deartháireacha agatsa
nuair a bhí tú óg,
a Mhamó?

Mamó: Bhí, a chroí.



Mamó: Bhí ceathrar deartháir agus triúr deirfiúr agam.



Niamh: Bhí ochtar agaibh ann!

Mamó: Bhí, a chroí.

Bhí ochtar againn ann.

Niamh: Caithfidh go raibh teach an-mhór agaibh, más ea.

Mamó: Muise, ní raibh, a chroí.



Mamó: Ní raibh ach dhá sheomra
codlata sa teach.



Niamh: Dhá sheomra codlata!

Tá ceithre sheomra codlata

sa teach seo againne.



Niamh: Ó, tá mo gheansaí salach, a Mhamó.

Mamó: Cuir san inneall níocháin é, a chroí. Tá ceann glan anseo.



Niamh: An raibh inneall níocháin agaibh nuair a bhí tusa óg, a Mhamó?

Mamó: Muise, ní raibh, a chroí.



Mamó: Ach is minic a chabhraigh mé le mo Mhamaí agus í ag ní na n-éadaí.



Niamh: Agus an raibh teilifís agaibh nuair a bhí tú óg?




Mamó: Ní raibh, a chroí. Ach bhí pictiúrlann istigh sa chathair. Is minic a chuaigh mé féin is mo chairde ann.



Niamh: An raibh fón póca agat nuair a bhí tú óg?

Mamó: Ní raibh, a chroí. Ní raibh fón póca ar bith ann nuair a bhí mise óg.



Mamó: Ní raibh fón tí againn ach
an oiread. Ach bhí ceann
i dteach m'aintín Treasa.



Niamh: An raibh carr agaibh nuair
a bhí tú óg, a Mhamó?

Mamó: Ní raibh, a chroí.



Mamó: Ní raibh mórán carranna
ann nuair a bhí mise óg.




Niamh: A Mhamó, an raibh siopaí
ann nuair a bhí tusa óg?



Mamó: Bhí, a chroí. Ach ní raibh siad ar nós na siopaí atá ann anois.



Niamh: An raibh éadaí deasa agat

nuair a bhí tú óg, a Mhamó?

Mamó: Bhí, a chroí.



Mamó: Is minic a tháinig beart chugainn ó m'aintín i Meiriceá agus gúnaí deasa ann dom féin agus do mo dheirfiúracha.




Niamh: Is maith liomsa an scoil, a Mhamó. Ar thaitin an scoil leatsa?

Mamó: Muise, níor thaitin, a chroí.



Mamó: Bhí na múinteoirí an-chrosta nuair a bhí mise óg.



Niamh: Níl mo mhúinteoirse crosta,
a Mhamó.

Mamó: Téigh isteach chuici, mar
sin, a chroí. Slán anois agus
bí go maith.



Niamh: Ach fan nóiméad, a Mhamó.
Ceist amháin eile agam ort.
An raibh tú sona sásta
nuair a bhí tú óg?

Mamó: Bhí mé. Ach tá mé níos
sásta fós anois mar go
bhfuil tusa agam, a chroí!

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Athchló 2013

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Steve Simpson

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

**An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

*Ní mar a chéile a bhí an saol nuair a bhí Mamó óg fadó …*

An Gúm